Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# LEABHRÁN EOLAIS D'IARRTHÓIRÍ

## Feachtas Earcaíochta agus Roghnúcháin le hAghaidh na bPost seo a leanas:

1. **Máistir an Chuain – Árainn**
2. **Máistir an Chuain – Inis Oírr**

**An Dáta Deiridh le haghaidh Iarratais:**

**4.00pm ar Déardaoin, 26 Márta 2026**

**Nótaí Tábhachtacha:**

- Cuir isteach d'*fhoirm iarratais agus gach cáipéis riachtanach eile san áireamh chuig* hr@galwaycoco.ie *mar* ***AON CHÁIPÉIS AMHÁIN*** *(seachas cáipéis a scanadh ina n-aonar) roimh an dáta agus roimh an am deiridh.*
- I gcás gach cailíocht a luaigh an t-iarrthóir, ní mór dóibh cóip de agus cóip de cheadúnas tiomána a chur isteach lena bhfoirmeacha iarratais.
- Ní mór foirmeacha iarratais a chomhlánú ina n-iomláine. Ní bhreithneofar CVanna.

# CLÁR NA NÁBHAR


**An Comórtas:** .......... 2
**Carachtar:** .......... 2
**Sláinte:** .......... 2
**SAORÁNACHT:** .......... 2
**Oideachas, oiliúint, taithí, etc:** .......... 3
**Freagrachtaí:** .......... 4
**Dualgais:** .......... 4
**Tréithe Inmhianaithe:** .......... 6
**Promhadh** .......... 6
**Luach saothair:** .......... 7
**Uaireanta Oibre** .......... 7
**Saoire Bhliantúil:** .......... 7
**Áit chónaithe:** .......... 7
**Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:** .......... 7
**Fostaíocht Eile** .......... 8
**Ranníocaíocht Aoisliúntais** .......... 8
**Cumarsáid** .......... 9
**Céim 1: Dáta Deiridh le Foirm Iarratais a chur isteach** .......... 9
**Céim 2: Gearrliostú** .......... 10
**Céim 3: An tAgallamh Deiridh** .......... 10
**Na Mionsonraí** .......... 11
**Eolas Ginearálta** .......... 11
**EOLAS TÁBHACHTACH - Téarmaí agus Coinníollacha** .......... 12
***CÓD CLEACHTAIS MAIDIR LE NÓSANNA IMEACHTA EARCAÍOCHTA AGUS ROGHNÚCHÁIN*** .......... 13

## AN COMÓRTAS:

Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus an taithí ábhartha acu le haghaidh phost **Mháistir an Chuain.** Beidh ar iarrthóirí an painéal ar mhian leo iarratas a dhéanamh air a roghnú ón liosta thíos. Is é cuspóir an fheachtais earcaíochta sin ná painéal a chur le chéile, agus féadfaidh poist bhuana agus/nó poist shealadacha a líonadh ón bpainéal sin.

Agus an fhoirm iarratais á comhlánú agat, beidh ort painéal a roghnú ón liosta thíos. Is é sin an painéal ar mhian leat go gcuirfí thú san áireamh lena aghaidh. **Is féidir leat roghnú go gcuirfí thú san áireamh le haghaidh Cuain amháin nó le haghaidh an dá cheann acu.**

- **Árainn -** Cé go mbaineann príomhfhreagracht Mháistir an Chuain le Cuan Chill Rónáin, beidh freagracht aige/aici i dtaobh maoirseacht a dhéanamh ar oibríocht shásúil Sheanchuan Chill Rónáin agus Chuan Chill Éinne.

- **Inis Oírr -** Cé go mbaineann príomhfhreagracht Mháistir an Chuain le Cuan Inis Oírr, beidh ról aige/aici i dtaobh oibríocht shásúil chéanna Chéibh an Chóra agus an Chalaidh Mhóir in Inis Meáin a chinntiú. Is beag an bhaint a bheidh ag ról Mháistir an Chuain i gcás ghníomhaíochtaí Inis Meáin, agus is in Inis Oírr a bheidh ceanncheathrú na n-oibríochtaí i gcónaí.

# CÁILÍOCHTAÍ DON PHOST

## CARACHTAR:

Ní mór go mbeadh dea-cháil ar gach iarrthóir.

## SLÁINTE:

Ní mór go mbeadh staid sláinte ag gach iarrthóir a léireodh seans réasúnta go mbeidh siad in ann seirbhís rialta éifeachtúil a sholáthar.

Le gur féidir na riachtanais sláinte a chomhlíonadh, beidh ar na hiarrthóirí rathúla, sula gceapfar iad, tabhairt faoi scrúdú leighis ar a gcostas féin arna dhéanamh ag liachleachtóir a cheapfaidh an tÚdarás Áitiúil. Nuair a cheapfar na hiarrthóirí, aisíocfar costas an scrúdaithe dochtúra leo.

## SAORÁNACHT:

**Ní mór go mbeadh na hiarrthóirí, faoi dháta aon tairiscint phoist:**

a) Ina saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Tá an LEE déanta suas de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, den Íoslainn, de Lichtinstéin agus den Iorua; nó
b) Ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó
c) Ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
d) Ina saoránach neamh-LEE atá ina chéile nó ina leanbh de chuid shaoránach an LEE nó na RA nó na hEilvéise agus a bhfuil víosa stampa 4 acu; nó
e) Ina duine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta deonaithe dóibh faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh a bhfuil sé de theideal acu fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 acu, nó
f) Ina saoránach neamh-AEE atá ina tuismitheoir linbh cleithiúnaigh atá ina saoránach de chuid, agus a bhfuil cónaí orthu, i mballstát LEE nó sa RA nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 acu

## OIDEACHAS, OILIÚINT, TAITHÍ, ETC:

**<u>Ní mór, i gcás gach Iarrthóra, ar an dáta is déanaí chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a fháil:</u>**

(a) Go mbeadh caighdeán oideachais ag an iarrthóir a chuirfeadh ar a gcumas a ndualgais a dhéanamh go héifeachtúil. Ní mór go mbeadh sé ar a gcumas acu tuarascálacha sásúla a dhéanamh (lena n-áirítear tuarascálacha scríofa) maidir le cúrsaí a bhaineann le dualgais an phoist.

(b) Go mbeadh taithí ilfheidhmeach chuí acu a bhfuil baint aici leis an bpost, agus ní mór go mbeadh taithí acu i gcáil maoirseachta agus iad ag déileáil le hoibrithe oilte agus neamhoilte araon.

(c) Go mbeadh eolas maith acu ar bhainistiú Cuain, agus gur leor an t-eolas sin le gur féidir leis/léi dualgais an phoist a chomhlíonadh go héifeachtúil. Ba cheart go n-áireofaí leis sin, eolas maidir le longseoireacht áitiúil, sruthanna taoide, réamhaisnéisiú na haimsire, gnó iascaireachta áitiúil, oibríochtaí fanáin agus muiríne.

(d) Go mbeadh siad inniúil ar ríomhairí agus eolas oibríochtúil acu ar ríomhphost, ar próiseáil focal, ar scarbhileoga, ar chórais airgeadais etc.

(e) Ní mór, i gcás gach Iarrthóra, ar an dáta is deireanaí chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ar ais;

- Go mbeadh taithí bliana acu i ról Mháistir an Chuain

**Nó**

- Go mbeadh Deimhniú Inniúlachta Scipéara Iomlán acu

**Nó**

- Go mbeadh taithí trí bliana acu ar árthach iascaireachta nó árthach mara eile a oibriú

**Nó**

- Go mbeadh aon taithí eile acu atá ar comhchaighdeán leis an bpost

(f) Tá sé **riachtanach** go mbeadh eolas ag na hiarrthóirí ar an nGaeilge.

(g) Go mbeadh Ceadúnas Tiomána Aicme B glan agus bailí acu.

## FREAGRACHTAÍ:

**Árainn - Cuanta Eile**:

Cé go mbaineann príomhfhreagracht Mháistir an Chuain le Cuan Chill Rónáin, beidh freagracht aige/aici i dtaobh maoirseacht a dhéanamh ar oibríocht shásúil Sheanchuan Chill Rónáin agus Chuan Chill Éinne.

**Inis Oírr - Cuanta Eile**:

Cé go mbaineann príomhfhreagracht Mháistir an Chuain le Cuan Inis Oírr, beidh ról aige/aici i dtaobh oibríocht shásúil chéanna Chéibh an Chóra agus an Chalaidh Mhóir in Inis Meáin a chinntiú. Is beag an bhaint a bheidh ag ról Mháistir an Chuain i gcás ghníomhaíochtaí Inis Meáin, agus is in Inis Oírr a bheidh ceanncheathrú na n-oibríochtaí i gcónaí.

## DUALGAIS:

Comhlíonfaidh Máistir an Chuain a dhualgais/a dualgais ar bhealach feidhmiúil agus éifeachtach. Beidh Máistir an Chuain freagrach as oibríocht agus bainistiú laethúil a gCuanta ábhartha mar a shainmhínítear sna Fodhlíthe Cuain, agus beidh siad freagrach don Innealtóir Bonneagair Muirí sainnithe in Áras an Chontae.

Áireofar leis sin, maoirseacht a dhéanamh ar na gníomhíochtaí uile laistigh de na cuanta, lena n-áirítear leithdháileadh na mbeartanna, rochtain shábháilte ar agus imeacht sábháilte ó na beartanna, rialú ghluaiseacht na n-árthaí laistigh den chuan. Beidh air/uirthi Fodhlíthe agus Rialacháin Cuain a fhorfheidhmiú, an t-ioncam uile a bhailiú, aon fhostaithe cuain a bhainistiú, agus comhlíontacht le reachtaíocht sábháilteachta agus aon reachtaíocht ábhartha eile a chinntiú.

Seo a leanas liosta neamh-uileghabhálach de na dualgais a bhaineann le ról Mháistir an Chuain:

- Rialacha, fodhlíthe agus rialacháin chuain a fhorfheidhmiú.
- Taifid a choinneáil agus a rialú, mar is cuí, maidir leis na loing, na hearraí agus na paisinéirí báid farantóireachta uile a thagann isteach sa nó a imíonn ón gcalafort ar an bhfarraige.

- Na báid a thagann isteach nó a théann i mbeart sa Chalafort, nó iad siúd a imíonn ón gCuan. Cinntiú go ndéantar loing a sheoladh ar bhealach sábháilte agus eagraithe sa chuan agus sna bealaí isteach.

- Áiseanna cuain a bharrfheabhsú, beartanna a leithdháileadh chun freastal ar na hoibríochtaí uile laistigh den chuan. Áirítear leis sin, sceideal amanna teachta agus imeachta na n-árthaí paisinéirí a thagann isteach/a imíonn ón oileán a shocrú agus a chur i bhfeidhm.

- Rátaí, dolaí, táillí nó tobhaigh cuain a bhailiú agus a thaisceadh.

- Cuntas a thabhairt i ngach ioncam do Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar bhealach faofa.

- Staitisticí agus faisnéis áitiúil a bhailiú mar is gá.

- Bileoga oibre faofa le haghaidh Mháistir an Chuain nó aon bhall foirne, más ann díobh, a choinneáil agus iad a thabhairt don Chomhairle Contae.

- Cinntiú go bhfuil áiseanna cuain ag feidhmiú mar is ceart, agus aon fhabhtanna a thuairisciú go pras.

- Aon timpiste laistigh de limistéar dlínse an chuain a thuairisciú, agus aon cás ina ndéantar damáiste do struchtúir nó fearas an chalafoirt a thuairsciú.

- Maoirseacht a dhéanamh ar aon bhall foirne atá faoi smacht Mháistir an Chuain.

- Cinntiú go bhfuil limistéar an chuain, lena n-áirítear limistéar paisinéirí agus áiseanna leithris, glan agus slachtmhar i gcónaí.

- An trácht bóthair uile laistigh de limistéar an chuain a rialú.

- Trádáil/Mangaireacht laistigh de limistéar an chuain a rialú.

- Soilse cuain a oibriú agus bail a choinneáil ar shoilse loingseoireachta.

- Comhlíontacht le reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta laistigh de limistéar an chuain a chinntiú.

- Comhlíontacht le reachtaíocht bhruscair agus truaillithe laistigh de limistéar an chuain a chinntiú.

- Bí ina n-Oifigeach Slándála Calafoirt le haghaidh a gcalafoirt agus a gcuanta ábhartha. Cuirfear an oiliúint chuí ar fáil,

- Glacadh agus rialú dramhaíola a tháirgtear ar bháid i gcomhréir le Plean Glactha Dramhaíola Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

- Comhoibriú go hiomlán le haon oibreacha tógála nó aon oibreacha feabhsúcháin laistigh de limistéar an chuain.
- Seoladh an chuain a oibriú, nuair is infheidhme.
- Dualgais bhreise a chomhlíonadh, lena n-áirítear dualgais a bhaineann le ceann ar bith d'fheidhmeanna na Comhairle Contae a bhféadfadh an tÚdarás Áitiúil a leagan ar Mháistir an Chuain ó am go chéile.

I gcás an phoist sin, tá gá le cur chuige oibre solúbtha mar aon le freastal ar an obair ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc, chomh maith le clúdach tacaíochta breise a chur ar fáil le linn tréimhsí gnóthacha/éigeandála. Tá eolas ar na hearnálacha fóilíochta agus iascaireachta ina chuid lárnach den phost. Beidh ar iarrthóirí obair a dhéanamh ar a gconlán féin.

### TRÉITHE INMHIANAITHE:

Go hídéalach, beidh dea-theist chruthaithe ar an iarrthóir san earnáil mhara. Sa chás go gcomhlíontar na riachtanais éigeantacha, tabharfar tús áite do dhaoine a bhfuil cáilíochtaí muirí gairmiúla acu a eisíodh/a athdheimhníodh le blianta beaga anuas.

## SONRAÍ

### PROMHADH

Nuair a cheapfar duine chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas –

a) beidh tréimhse ann tar éis don cheapachán teacht i bhfeidhm nuair a bheidh an post ag duine den sórt sin ar promhadh.

b) bliain amháin a bheidh sa tréimhse sin, ach féadfaidh an Príomhfheidhmeannach, dá rogha féin, cur le fad na tréimhse sin;

c) scoirfidh duine den sórt sin den phost a bheith acu ag deireadh na tréimhse promhaidh mura ndeimhneoidh an Príomhfheidhmeannach, le linn na tréimhse seo, go bhfuil an tseirbhís sásúil.

d) féadfar an tréimhse ag (a) thuas a fhoirceannadh ar fhógra aon seachtaine de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta.

e) déanfar measúnuithe le linn na tréimhse phromhaidh.

## LUACH SAOTHAIR:

Déanfar suíomh an iarrthóra ar an scála a mheas i gcomhréir le Ciorcláin Roinne. Beidh pá d'iontrálaithe nua ag bun an scála pá ar dtús. D'fhéadfadh an ráta íocaíochta a athrú ó am go chéile i gcomhréir le beartas pá an Rialtais. Seo a leanas an ráta seachtainiúil -

| Pointe | 01/02/2026 |
|---|---|
| 1 | **€914.82** |
| 2 | **€932.11** |
| 3 | **€949.37** |
| 4 | **€967.16** |
| 5 | **€985.01** |
| 6 | **€1,002.96** |
| 7 | **€1,021.36** |
| 8 | **€1,039.65** |
| 9 | **€1,058.43** |
| 10 | **€1,077.37** |

## UAIREANTA OIBRE

Beidh 39 uair in aghaidh na seachtaine i gceist thar seacht lá, agus beidh gá le freastal ar an gCuan ar lá ar bith i rith na seachtaine lena n-áirítear Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh, Laethanta Saoire Bainc agus Laethanta Saoire Poiblí nuair is gá. Ní bheidh líon na n-uaireanta den sórt sin inar gá freastal ar na cuain níos lú ná 39 uair in aghaidh na seachtaine.

## SAOIRE BHLIANTÚIL:

25 Lá in aghaidh na bliana.

## ÁIT CHÓNAITHE:

Ní mór don iarrthóir rathúil a bheith ina gcónaí ar an oileán ó dháta a gceapacháin.

## GRINNFHIOSRÚCHÁN AN GHARDA SÍOCHÁNA:

D'fhéadfadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a lorg maidir leis na daoine a chuirfear san áireamh don cheapachán.

## FOSTAÍOCHT EILE

Is post lánaimseartha é sin agus ní ceadmhach don oifigeach a bheith ag gabháil do ghnó príobháideach nó baint a bheith aige/aici le haon obair sheachtrach a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh a d(h)ualgas oifigiúil.

## RANNÍOCAÍOCHT AOISLIÚNTAIS

Má théann tú isteach sa tseirbhís poiblí don chéad uair, ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013, beidh an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair i gceist. Is iad seo a leanas na ranníocaíochtaí aoisliúntais: 3.5% den ghlanluach saothair inphinsin agus 3% den luach saothair inphinsin. Bunófar an pinsean agus an chnapshuim scoir ar mheánphá gairmréime; déanfar pinsin a chomhordú leis an bPinsean Stáit Ranníocach (PSR). Is Scéim Pinsin le Sochar Sainithe í an Scéim Pinsin Aonair.

I gcás duine a thagann i bhfostaíocht inphinsin ag údarás áitiúil agus atá dlite um ranníocaíocht ÁSPC ar ráta Aicme A a íoc agus atá sa tseirbhís phoiblí roimh 1 Eanáir 2013, caithfidh sé/sí íoc i leith aoisliúntais leis an údarás áitiúil ar ráta 1.5% den luach saothair inphinsin móide 3.5% den ghlanluach saothair inphinsin (i.e. luach saothair inphinsin lúide dúbailt ráta bliantúil an phinsin seanaoise ranníocaigh árachais shóisialta, iníoctha ag an uasráta chuig duine gan cleithiúnaí fásta ná leanaí incháilithe). Beidh ranníochaíochtaí infeidhme le haghaidh scéim pinsin do Chéilí agus Leanaí.

I gcás duine a thagann i bhfostaíocht inphinsin ag údarás áitiúil agus atá dlite um ranníocaíocht ÁSPC ar Aicme D a íoc, caithfidh sé/sí íoc i leith aoisliúntais leis an údarás áitiúil ar ráta 5% den luach saothair inphinsin. D'fhéadfadh go mbeadh ar dhuine, más infeidhme, maidir leis an Scéim Rialtais Áitiúil (Pinsean Ranníocach do Chéilí agus Leanaí) íoc leis an údarás áitiúil ar ráta 1.5% den luach saothair inphinsin faoi réir ag téarmaí na scéime.
Glactar le fostaithe chuig an Scéim Aoisliúntais faoi réir ag téarmaí an Achta Aoisliúntais Rialtais Áitiúil (Comhdhlúthú), 1998 agus an Achta Aoisliúntais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004, le héifeacht ón dáta ceapacháin. Is Scéim le Sochar Sainithe í an Scéim sin, agus soláthrítear léi, pinsean, cnapshuim scoir agus aisce bháis a íoc.

Ní féidir sochair Scoir a íoc nuair a théann tú ar scor ach amháin má tá an tréimhse dhílseacháin a mhaireann dhá bhliain curtha i gcrích agat.

## CUMARSÁID

Rachaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe i dteagmháil leat, nuair atá gá leis, ag gach céim den chomórtas ar phost/ríomhphost/SMS. Moltar duit go láidir gan do sheoladh ríomhphoist ná d'uimhir fóin póca a athrú le linn an chomórtais earcaíochta seo, toisc go seolfar aon ríomhphost/teachtaireacht téacs chuig an seoladh ríomphost/uimhir theileafóin a sholáthrófar le d'fhoirm iarratais. Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara go gcaithfidh fáil a bheith agat ar an seoladh ríomhphoist a sholáthríonn tú le d'fhoirm iarratais i gcónaí.

Faoin iarrthóir atá sé an Rannóg Acmhainní Daonna a chur ar an eolas má thagann aon athrú ar a seoladh poist le linn an fheachtais earcaíochta agus roghnúcháin. Is féidir é sin a dhéanamh ach ríomhphost a chur chuig. Chomh maith leis sin, is faoi gach iarrthóir atá sé cinntiú go bhfaigheann sé/sí gach cumarsáid ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Ní ghlacann Comhairle Chontae na Gaillimhe freagracht as cumarsáid nach bhfaigheann iarrthóir nó nach bhfuil rochtain acu uirthi.

## CÉIM 1: DÁTA DEIRIDH LE FOIRM IARRATAIS A CHUR ISTEACH

- Is féidir iarratais a chur isteach chuig hr@galwaycoco.ie nó iad a chur sa phost chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe, Rannóg Acmhainní Daonna, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh. Déan cinnte go gcuirtear iarratais sa phost agus an t-am leordhóthanach ann le gur féidir iad a fháil faoin **dáta deiridh le hiarratais a fháil.**

- Mura gcuireann tú na cáipéisí riachtanacha uile isteach le d'iarratas, beidh d'iarratas neamhbhaillí agus ní thabharfar cead duit leanúint ar aghaidh sa phróiseas roghnúcháin a thuilleadh.

- Agus na foirmeacha iarrtais curtha isteach, déanfar iad a sheiceáil le cinntiú go gcomhlíonann siad na híoschritéir a bhaineann leis an bpost.

- Mura gcomhlíonann d'fhoirm iarratais na híoscháilíochta le haghaidh an phoist mar a leagtar amach sa leabhrán seo, measfar d'iarratas a bheith neamhbhailí, agus ní thabharfar cead duit leanúint ar aghaidh sa phróiseas roghnúcháin a thuilleadh.

**Is faoin iarrthóir atá sé cinntiú go bhfaigheann an Rannóg Acmhainní Daona a fhoirm iarratais/a foirm iarratais agus na cáipéisí riachtanacha roimh an dáta deiridh le hiarratais ar an gcomórtas a fháil.**

## CÉIM 2: GEARRLIOSTÚ

Forchoimeádann Comhairle Chontae na Gaillimhe an ceart iarratais a ghearrliostú. Féadfaidh an próiseas gearrliostaithe a bheith i bhfoirm próiseas gearrliostaithe deisce bunaithe ar an bhfaisnéis atá sna foirmeacha iarratais, nó i bhfoirm agallamh gearrliostaithe, nó i bhfoirm tástálacha scríofa, béil nó praiticiúla eile a oireann don phost. Déanfar teagmháil leat maidir le haon dátaí agus amanna agallaimh. Is fútsa atá sé freastal ar agallamh ar na dátaí agus na hamanna a shanntar. Ní féidir dátaí agus amanna malartacha a éascú. Agus tú ag freastal ar agallamh, ní mór duit aitheantas fótagrafach a sholáthar agus tú ag clárú do láithreachta leis an Rannóg Acmhainní Daonna.

## CÉIM 3: AN TAGALLAMH DEIRIDH

**Próiseas an Agallaimh Dheiridh**

Is ionann an t-agallamh agus do dheis fianaise a thabhairt le do chuid eolais, scileanna agus taithí agus deis an Údaráis Áitiúil measúnú a dhéanamh ar d'oiriúnacht don ról. Ní hionann duine a ligean isteach i gcomórtas ná cuireadh a thabhairt chun freastal ar agallaimh agus Comhairle Chontae na Gaillimhe a bheith sásta go gcomhlíonann an duine sin ceanglais na Rialachán nó nach bhfuil sé/sí dícháilithe de réir dlí ón bpost a bheith acu, agus ní hionann é sin agus dearbhú go gcuirfear d'iarratas san áireamh a thuilleadh. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach duit tabhairt faoi deara gur fútsa atá sé cinntiú go gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta don chomórtas sula bhfreastalaíonn tú ar agallamh. Mura gcomhlíonann tú na riachtanais iontrála riachtanacha sin agus freastalaíonn tú ar agallamh in ainneoin sin, beidh tú ag cur costas gan ghá ort féin, toisc nach mbeidh Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as aon chostais a thabhaíonn tú a aisíoc duit.

Déanfaidh Bord/Boird arna mbunú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe na hagallaimh. Déanfaidh an Bord/na Boird measúnú ar fhiúntais na n-iarrthóirí (ach amháin a mhéid a mheasúnófar iad ar bhealach eile) i leith na nithe dá dtagraítear sna Cáilíochtaí forordaithe agus aon nithe ábhartha eile. Ní chuirfear iarrthóirí san áireamh le haghaidh roghnúcháin agus áit ar an bpainéal ach amháin má bhaineann siad caighdeán amach a mheasann Comhairle Chontae na Gaillimhe a bheith sásúil san agallamh iomaíoch. Is faoi na hiarratasóirí atá sé a bheith ar fáil le haghaidh an scrúdaithe/na scrúduithe riachtanacha ar an dáta/na dátaí a shainíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe, agus is fúthu atá sé cibé socruithe ar gá leo a dhéanamh chun cinntiú go bhfaigheann siad an chumarsáid a sheoltar chuchu chuig an seoladh poist nó an seoladh ríomphoist a shainnigh siad ar a bhfoirm iarratais.

Féadfaidh fostaíocht a thairiscint do na hiarrthóirí ar an bpainéal a chomhlíonann riachtanais uile an phoist, faoi réir:

(i) a n-áite ar an bpainéal atá in ord fiúntais.

(ii) riachtanais Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

# NA MIONSONRAÍ

## EOLAS GINEARÁLTA

1. Forchoimeádann Comhairle Chontae na Gaillimhe an ceart líon agus ord gach céime sa phróiseass roghnúcháin a athrú de réir mar a théann an comórtas ar aghaidh

2. Ní bheidh Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as aon chostais a thabhaíonn iarrthóirí a aisíoc.

3. Ní hionann duine a ligean isteach sa chomórtas, nó cuireadh chun páirt a ghlacadh in aon ghné den phróiseas roghnúcháin, nó freastal ar aon ghné de, nó litir maidir le toradh rathúil, agus a rá go bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe sásta go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais.

4. Ní hionann áit a bhaint amach ar phainéal ar bith a líontar mar thoradh ar an gcomórtas sin agus dearbhú go ndéanfar post a thairscint.

5. **An Tábhacht a Bhaineann le Rúndacht**
   Is féidir le hiarrthóirí a bheith ag súil go ndéanfar gach fiosrúchán, iarratas, agus gach gné de na himeachtaí, sa mhéid a bhainistíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe iad, a láimhseáil mar ábhar atá faoi rún daingean faoi réir fhorálacha na Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.

6. **Cásanna ina meastar go bhfuil iarrthóireacht tarraingthe siar**
   Sa chás nach gcuireann iarrthóirí measúnuithe i gcrích agus nach gcuireann siad isteach roimh an dáta sainnithe iad; nó sa chás nach bhfreastalaíonn siad ar/nach dtugann siad faoi aon chéim den phróiseas roghnúcháin mar a iarrtar orthu, nó sa chás nach gcuireann siad fianaise ar fáil mar a iarrtar orthu a chur ar fáil maidir le gné ar bith atá ábhartha dá n-iarrthóireacht, ní bheidh éileamh acu ar a bheith curtha san áireamh a thuilleadh.

7. **Cosaint Sonraí**

   Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018, agus tháinig sé in ionad an chreata cosanta sonraí a bhí ann cheana faoi Threoir AE maidir le Cosaint Sonraí.

   Nuair a fhaightear d'iarratas, cruthaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe taifead i d'ainm, ina bhfuil cuid mhór den fhaisnéis phearsanta a chuir tú ar fáil. Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil. Sealbhaítear an fhaisnéis sin faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.

   Chun iarratas a dhéanamh ar rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta, cuir iarratas isteach ar ríomhphost chuig: dpo@galwaycoco.ie, agus déan cinnte go ndéanann tú an cur síos is mine agus

is féidir leat a dhéanamh ar na taifid atá á lorg agat le cur ar ár gcumas an taifead/na taifid ábhartha a shainaithint.

8. **Ba cheart d'iarrthóirí tabhairt faoi deara go ndícháileofar iad má dhéantar stocaireacht.**

## EOLAS TÁBHACHTACH - TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

*Dírítear d'aird ar an eolas tábhachtach seo.*
*Trí iarratas a chur isteach, trí rochtain a fháil ar aon mheasúnú / ábhair scrúdaithe nó trí thabhairt faoi/fúthu, comhaontaíonn tú a bheith faoi cheangal ag na téarmaí a leagtar amach thíos:*

1. Tá na hábhair scrúdaithe agus mheasúnaithe uile faoi réir cóipchirt agus tá gach ceart ar cosaint. Ní féidir aon chuid de na hábhair scrúduithe/mheasúnaithe (lena n-áirítear aon téacs, ceisteanna agus/nó roghanna freagraí féideartha) ná ábhair a mbaineann leo (lena n-áirítear ábhair chleachtaidh agus/nó ábhair chun dul i dtaithí orthu) a athchruthú ná a tharchur in aon fhoirm ná ar aon mhodh lena n-áirítear bealaí leictreonacha, meicniúila, scríofa, nó trí fhótachóipeáil, phriontáil, ghriangraf a thógáil, thaifeadadh, ná eile, ag céim ar bith. Is cion é amhlaidh a dhéanamh, agus mar thoradh, féadfaidh thú a bhaint den phróiseas roghnúcháin.

2. Stocaireacht - Ba cheart d'iarrthóirí tabhairt faoi deara go ndícháileofar iad agus go mbaintear den fheachtas earcaíochta iad má dhéanann siad stocaireacht chun cur lena n-iarrthóireacht, nó má spreagann siad daoine eile chun amhlaidh a dhéanamh.

3. Níl cead ag iarrthóirí san fheachtas earcaíochta:

   - Faisnéis bhréagach a sholáthar go feasach nó gan smaoineamh.
   - Stocaireacht a dhéanamh ar dhuine ar bith, agus dreasachtaí i gceist ná gan iad a bheith i gceist.
   - Cur isteach ar an bpróiseas ná baint de ar bhealach ar bith.

4. Níl cead ag tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas.
   Má chiontaítear duine i leith coire den sórt sin, agus más rud é gurbh/gurb iarrthóir iad a bhí/atá mar chuid de phróiseas earcaíochta:
   - Sa chás nár ceapadh chuig post é/í, dícháileofar é/í mar iarrthóir.
   - Sa chás gur ceapadh é/í i ndiaidh an phróisis roghnúcháin atá i gceist, forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.

5. Ní hionann duine a ligean isteach sa chomórtas, nó cuireadh chun tabhairt faoi aon ghné den phróiseas roghnúcháin, nó litir maidir le toradh rathúil, agus a rá go bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe sásta go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais.

# CÓD CLEACHTAIS MAIDIR LE NÓSANNA IMEACHTA EARCAÍOCHTA AGUS ROGHNÚCHÁIN

**PRIONSABAIL GHINEARÁLTA**

Leagtar amach sa Chód Cleachtais seo tiomantas Chomhairle Chontae na Gaillimhe caighdeáin dea-chleachtais agus ionracais a chomhlíonadh ina nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin. Leagtar amach ann freisin oibleagáidí agus freagrachtaí na ndaoine a dhéanann iarratas ar fhostaíocht leis an gComhairle, chomh maith lena gcearta. Tá sé bunaithe ar phrionsabail ghinearálta na cothroime agus na comhsheasmhachta sa chur chuige i leith na n-iarrthóirí uile, trí phróisis roghnúcháin ar bhonn inniúlachtaí a reáchtáiltear ar bhealach oscailte agus trédhearcach.

**FÓGRAÍOCHT**

Tá an Chomhairle tiomanta do dheimhin a dhéanamh de go gcuirtear folúntais in iúl go hoscailte chun comhionannas deiseanna a chur ar fáil. Roghnaítear meicníochtaí fógraíochta a thairgeann luach ar airgead agus atá oiriúnach don fholúntas atá á bhreithniú. Go hiondúil, fógraítear folúntais sna nuachtáin náisiúnta agus áitiúla, agus fógraítear ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag www.galway.ie agus ar an suíomh gréasáin náisiúnta iad freisin www.localgovernmentjobs.ie

**REACHTAÍOCHT**

Tá aird ag an gComhairle ar na ceanglais agus na breithnithe reachtacha ábhartha uile ina próisis earcaíochta agus roghnúcháin, lena n-áirítear;

- *Acht na dTeangacha Oifigiúla* – de réir bheartas an rialtais agus ag féachaint d'fhéiniúlacht chultúrtha ár gcontaetha, déanann an Chomhairle agallaimh béil roghnacha trí Ghaeilge mar chuid dá próiseas earcaíochta, lena mbronntar 3% / 6% breise de na marcanna a ghnóthaítear ag an bpríomhagallamh, ar iarrthóirí a léiríonn eolas réasúnta/an-mhaith ar an nGaeilge. Tá an Chomhairle tiomanta dá dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh ar bhonn pleanáilte.

- *Saoráil Faisnéise* – caitear leis an bhfaisnéis go léir a fhaigheann agus a phróiseálann an Chomhairle faoi rún faoi réir cheanglais an Achta um Shaoráil Faisnéise.

- *Na hAchtanna um Chosaint Sonraí – ní úsáidtear an fhaisnéis a chuirtear isteach le d'iarratas ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil, agus coinnítear an fhaisnéis sin faoi réir chearta agus oibleagáidí na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018, agus tháinig sé in ionad an chreata cosanta sonraí atá ann faoi láthair faoi Threoir AE maidir le Cosaint Sonraí. Nuair a fhaightear d'iarratas, cruthaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe taifead i d'ainm, ina bhfuil cuid mhór den fhaisnéis phearsanta a chuir tú ar fáil. Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin*

*chun d'iarrthóireacht a phróiseáil. Sealbhaítear an fhaisnéis sin faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2018. Féadfaidh an Roinn Pearsanra comhaltaí seachtracha den bhord roghnúcháin a úsáid agus féadfaidh na comhaltaí boird sin sonraí iarratais iarrthóirí a fháil, nó rochtain a bheith acu orthu, chun cabhrú le hoiriúnacht do ról sonrach a chinneadh; tá sé de dhualgas ar chomhaltaí an bhoird roghnúcháin an fhaisnéis sin a choinneáil faoi rún agus slán agus tá comhaltaí an bhoird roghnúcháin ar an eolas faoin dualgas sin. Is é 2 bhliain ár dtréimhse choinneála ghinearálta d'iarratais agus do nótaí agallaimh agus ansin scriostar doiciméid go sábháilte. Chun iarratas a dhéanamh ar rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta, cuir iarratas isteach ar ríomhphost chuig: dpo@galwaycoco.ie, agus déan cinnte go ndéanann tú an cur síos is mine agus is féidir leat a dhéanamh ar na taifid atá á lorg agat le cur ar ár gcumas an taifead/na taifid ábhartha a shainaithint.*

- *Achtanna Comhionannais* – Tá aird ag an bpróiseas agallaimh agus ag na Boird Agallaimh ar gach ceist chomhionannais. Tá rochtain ar dheiseanna fostaíochta ag gach iarratasóir a d'fhéadfadh a bheith cáilithe, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, agus cuirtear na saoráidí iomchuí uile ar fáil dóibh chun cinntiú go bhfuil an deis acu a bhfeidhmíocht bharrmhaith a bhaint amach ag an agallamh.

**CÉ NA FREAGRACHTAÍ ATÁ ORTSA?**

- *An Fhoirm Iarratais a Chomhlánú ina hIomláine* – ní mór iarratais a dhéanamh ar an bhfoirm iarratais oifigiúil, agus ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú ina hiomláine. Agus tú ag comhlánú na foirme, tá sé riachtanach go dtugann tú sonraí iomlána (e.g. Na dátaí agus na dualgais a bhaineann le fostaíocht áirithe), toisc go bhféadfaí thú a chur ar an ngearrliosta ar bhonn na faisnéise arna soláthar agat.

- *An Fhoirm Iarratais a Chur Isteach roimh an Dáta Deiridh chun Iad a Fháil* – ní mór an fhoirm iarratais chomhlánaithe a bheith curtha ar aghaidh chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe ina cóip chrua nó leictreonach, agus í a bheith ann faoin am agus an dáta deiridh le hiarratais a fháil, ar a mhoille. Sa chás go gcuirtear an fhoirm iarratais sa phost, ba cheart amhlaidh a dhéanamh agus am leordhóthanach ann le cinntiú go bhfaighfear roimh an spriocdháta í. Ní phléifear líomhaintí maidir le cailliúnt ná moill ach amháin má thagann Deimhniú Postais leo.

- *Láithreacht ag an Agallamh* – mura bhfreastalaíonn iarrthóirí ar agallamh ná ar scrúduithe mar is gá, nó mura soláthraíonn siad fianaise maidir lena n-iarrthóireacht, nuair a iarrtar orthu amhlaidh a dhéanamh, ní bheidh éileamh acu ar a bheith curtha san áireamh le haghaidh an phróisis roghnúcháin le haghaidh an fholúntais sin.

- *Ionrachas agus Cothroime* – tá ceithre shaincheist ag baint leis sin:

- I gcás iarrachta ag an iarrthóir féin nó ag aon duine/daoine atá ag gníomhú faoi threoir an iarrthóra, go díreach nó go hindíreach, trí mheán cumarsáide scríofa nó eile, stocaireacht a dhéanamh nó tionchar a imirt ar bhealach eile i bhfabhar an iarrthóra, ar fhostaí ar bith de chuid na Comhairle Contae nó ar dhuine a ainmníonn an Chomhairle Contae chun agallamh a chur ar nó iniúchadh a dhéanamh ar iarrthóir, dícháileofar an t-iarrthóir go huathoibríoch don phost atá á lorg.

- Ní cheadaítear d'iarrthóirí faisnéis bhréagach a sholáthar lena n-iarratas go feasach.

- Ní cheadaítear do dhuine ar bith eile iarrthóir a phearsanú ná ionadaíocht a dhéanamh ar a son ag céim ar bith den phróiseas roghnúcháin.

- Ní cheadaítear d'arrthóirí cur isteach ar an bpróiseas ná baint de ar bhealach ar bith.

- Má fhaightear amach go bhfuil aon cheann de na nithe thuas déanta ag aon iarrthóir a bhí/atá sa phróiseas earcaíochta, féadfar é/í a dhícháiliú mar iarrthóir nó, sa chás gur ceapadh é/í, féadfaidh sé/sí an ceapachán a fhorghéilladh.

**CEAPADH AR BHONN FIÚNTAIS**

- *Cáilitheacht* – féadfaidh an tAire/Comhlacht cuí ceanglais shonracha a leagan síos le haghaidh poist, amhail cáilíochtaí acadúla/gairmiúla, an t-íosmhéid agus an cineál taithí agus/nó eolais, agus i gcásanna áirithe, cúinsí eile amhail sláinte/folláine, ceisteanna maidir le himréiteach slándála, etc. Cuirfear na hiarrthóirí ar an eolas a luaithe is féidir tar éis an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach faoin gcinneadh maidir lena n-incháilitheacht don phost. Mar sin féin, ní hionann iarrthóir a ligean isteach i gcomórtas ná cuireadh a thabhairt chun agallaimh agus an Chomhairle a bheith sásta go gcomhlíonann sé/sí na ceanglais uile nó nach bhfuil sé/sí dícháilithe de réir dlí ón bpost a bheith acu, agus ní hionann é sin agus dearbhú go gcuirfear d'iarratas san áireamh a thuilleadh. Dá bhrí sin, is faoin iarrthóir atá sé cinntiú go gcomhlíonann siad na ceanglais incháilitheachta sula bhfreastalaíonn siad ar agallamh, toisc go freastalíonn iarrthóirí ar agallamh ar a gcostas féin.

- *Gearrliostú* – sa chás go gcuireann líon mór daoine isteach ar phost, forchoimeádann an Chomhairle an ceart gan iarrthóirí a ligean isteach sa chomórtas ach amháin iad siúd a bhfuil an chuma orthu go bhfuil caighdeán leordhóthanach acu le haghaidh ceapacháin. Féadfaidh an próiseas gearrliostaithe a bheith sna foirmeacha seo a leanas: -

    - Gearrliostú iarrthóirí bunaithe ar an bhfaisnéis atá ina bhfoirmeacha iarratais.

    - Tástálacha scríofa, béil nó praiticiúla eile a oireann don phost.

- Agallaimh réamhchéime chun líon na n-iarrthóirí a laghdú le go mbeadh líon níos inbhainistithe ann don Bhord Agallaimh deiridh, nó

- Agallaimh réamhchéime le gur féidir na hiarrthóirí cáilithe a shocrú, agus ina dhiaidh sin glaofar líon áirithe de na hiarrthóirí cáilithe ar ais le haghaidh an agallaimh dheiridh.

- *An Príomhagallamh* – Tá an Chomhairle tiomanta do phróiseas roghnúcháin ar bhonn fiúntais, atá bunaithe ar iomaíocht chóir agus oscailte. Beidh baint díreach ag na critéir chun oiriúnacht a mheas agus iarrthóirí a rangú leis an gcáilíocht, na tréithe agus na scileanna a theastaíonn chun na dualgais agus na freagrachtaí a chomhlíonadh de réir an chaighdeáin atá riachtanach le haghaidh an phoist.

- *An Bord Agallaimh* – Roghnaítear agus tionóltar an Bord Agallaimh agus a n-oiliúint, a dtaithí agus a saineolas sa réimse feidhme áirithe á gcur san áireamh. Cuirtear ionadaíocht inscne san áireamh freisin agus bord á bhunú, faoi réir infhaighteachta. Tugann Comhaltaí an Bhoird Agallaimh aird ar a bhfreagrachtaí faoi reachtaíocht Chomhionannais agus Saoráil Faisnéise agus agallaimh á reáchtáil acu.

- *Painéal* – Tar éis na n-agallamh a chur i gcrích, féadfar painéal a bhunú, agus beidh fad an phainéil sin faoi rogha na Comhairle. Chomh fada agus a bheidh painéal i bhfeidhm fós, féadfar tairiscintí fostaíochta sealadaí nó buana a dhéanamh ag brath ar dheimhniú cáilíochtaí agus clásail maidir le sláinte, carachtar nó ceanglais eile a bhaineann leis an bpost áirithe a chomhlíonadh. Ní mór do dhaoine a ndéantar fostaíocht a thairiscint dóibh dul i mbun dualgais laistigh de mhí amháin ón dáta tairisceana, nó laistigh de cibé tréimhse bhreise a bhféadfaidh an Chomhairle a chinneadh, nó féadfaidh an Chomhairle an cinneadh a dhéanamh gan iad a cheapadh.

**DO CHEART CHUN FAISNÉISE AGUS CHUN ACOMHAIRC**

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas fiúntach a thairiscint má iarrann iarthóirí air, agus do dhéileáil leis na hiarratais sin go tráthúil agus go héifeachtúil. Is féidir iarratas ar na marcanna a bronnadh ag an agallamh/ag na hagallaimh agus ar thráchtanna a rinne an Bord Agallaimh a dhéanamh i scríbhinn chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Déanfaidh an Chomhairle na hachomhairc a mheas i dtaca le cáilitheacht agus cinntí gearrliostaithe. Ní mór d'iarrthóirí achomhairc den sórt sin a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 5 lá oibre ó fhógra an chinnidh ábhartha. Ar achomharc a fháil, déanfar athbhreithniú ar na cinntí roghnúcháin, agus cuirfear an t-iarrthóir ar an eolas faoi thoradh an athbhreithnithe sin.

***IS FOSTÓIR COMHDHEISEANNA Í COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE***

# Liosta Seiceála le haghaidh na Foirme Iarratais

- ✓ Ní mór na foirmeacha iarratais uile a chur isteach agus iad go hiomlán comhlánaithe leis na cáipéisí uile atá á n-iarraidh (Cáipéisí maidir le Cáilíocht Oideachais agus Ceadúnas Tiomána) san áireamh faoin dáta deiridh le hiarratais a fháil. Seolfar na **hiarratais neamhiomlána** ar ais agus iad sainnithe mar ***neamhbhailí*** tar éis an dáta deiridh le hiarratais a fháil, agus ní chuirfear san áireamh mar chuid den chomórtas iad.
- ✓ Cuir isteach d'*fhoirm iarratais agus gach cáipéis riachtanach eile san áireamh chuig hr@galwaycoco.ie mar* ***AON CHÁIPÉIS AMHÁIN*** *(seachas cáipéis a scanadh ina n-aonar) roimh an dáta agus an t-am deiridh.*
- ✓ Ní mór an fhaisnéis uile a sholáthar ar an bhfoirm iarratais fhoirmiúil amháin. **Ní chuirfear** aon fhaisnéis bhreise arna soláthar ar Curriculum Vita san áireamh.
- ✓ Déan cinnte gur fhreagair tú na ceisteanna uile ina n-iomláine.
- ✓ Ní mór cóipeanna de cháilíochtaí Oideachais agus de cheadúnas tiomána (nach bunchóipeanna iad), i.e., Ardteistiméireacht, céim etc., cibé acu atá infheidhme maidir leatsa, a sholáthar le d'iarratas. Beidh gá leis na bunteastais a sholáthar roimh aon cheapachán.
- ✓ Is féidir iarratas a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh chuig hr@galwaycoco.ie sa chomh fada is go bhfuil an fhaisnéis riachtanach uile san áireamh leis an iarratas (i.e., cóipeanna de cháilíochtaí oideachais agus de cheadúnas tiomána a scanadh)
- ✓ Déanfar na hiarratais a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm iarratais, agus dá bhrí sin ba cheart duit cinntiú gur chomhlánaigh tú d'iarratas ina iomláine, agus gur chuir tú na cáipéisí uile a iarradh isteach.
- ✓ I gcás na n-iarrthóirí a chuireann a n-iarratas sa phost, ba cheart dóibh am leordhóthanach a chur ar leataobh chun cinntiú go bhaighfear iad faoin am is deireanaí le hiarratais a fháil ar a dheireanaí. Is faoin iarratasóir atá an fhreagracht cinntiú **go bhfaigheann** an Rannóg Acmhainní Daonna, Comhairle Chontae na Gaillimhe an fhoirm iarratais ina hiomláine mar aon leis na cáipéisí uile a iarradh in am.
- ✓ Ní phléifear éilimh gur cailleadh nó gur cuireadh moill ar aon fhoirm iarratais nó litir a bhaineann léi sa phost murar féidir Deimhniú Postála ó Oifig an Phoist a sholáthar chun tacú leis na héilimh sin. Is faoin iarratasóir atá sé teagmháil a dhéanamh le An Post maidir le moill ar bith.
- ✓ Cuir an Rannóg Acmhainní Daonna ar an eolas maidir le hathrú ar bith ar sheoladh, ar uimhir theileafóin nó sheoladh ríomhphoist.